Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0262(NLE)**

**6044/23**
**ADD 1**

**AVIATION 15**
**RELEX 141**
**USA 7**
**N 5**
**ISL 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 48 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 48 final.

Faoi iamh: COM(2023) 48 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2023
COM(2023) 48 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra leasaithe le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

**PRÓTACAL**

**lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ POBLACHT NA hOSTAIRE,

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

AN UNGÁIR,

ÉIRE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

~~**RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN**~~,

ós páirtithe iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta), agus

AN tAONTAS EORPACH,

den chéad pháirt;

AN ÍOSLAINN,

den dara páirt; agus

RÍOCHT NA hIORUA,

den tríú páirt;

Ag féachaint d'aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Tá Poblacht na Cróite ina Páirtí den Chomhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011 (dá ngairtear 'an Comhaontú Coimhdeach' anseo feasta).

*Airteagal 2*

Beidh téacs an Chomhaontaithe Choimhdigh sa Chróitis, atá i gceangal leis an bPrótacal seo, ina théacs barántúil faoi na coinníollacha céanna leis na leaganacha teanga eile.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta is déanaí de na dátaí seo a leanas:

1. dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Choimhdigh, agus

2. mí tar éis dháta an nóta deiridh sna malartuithe nótaí taidhleoireachta idir na Páirtithe a dheimhneoidh gur cuireadh na nósanna imeachta riachtanacha ar fad le haghaidh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo i gcrích.

*Airteagal 4*

Go dtí go dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm, comhaontaíonn na Páirtithe an Prótacal seo a chur i bhfeidhm go sealadach, a mhéid a cheadaítear faoin dlí baile is infheidhme, ó dháta an tsínithe.

Arna dhéanamh sa ……… OR i ………, i dtriarach, an ………. 20~~19~~**23** sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, **sa Ghaeilge,** sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ioruais, san Íoslainnis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus gach téacs acu barántúil a mhéid céanna.

Thar ceann na mBallstát

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann na hÍoslainne

Thar ceann Ríocht na hIorua